## Gaisgiḋeaċ na Míoltóg

Ḃí táilliúr aon uair amáin. Lá breáġ samraḋ ṫug sé leis a ċuid éadaiġ agus ṡuiḋ sé ar áirde na tairsiġ agus ṫosuiġ sé a ḟuaġáil. Ċonnaic sé sgata cuilleóġaí a luiġ ar a tsráid. Ḋeiriġ sé ina ṡeasaṁ agus ḃuail sé an t-éadaċ anuas ina mullaċ. Ċuaiḋ sé a ċóṁraim agus ḃí céad marḃ aige den ḃuille sin. "By dad" adeir sé 'S mór a marḃú é ach is suarach an áit a ḃfuil mé caiṫeaṁ mo ṡaoġail" adeir sé. D'imiġ leis agus ċuaiḋ sé go dtí gaba agus dubairt sé leis claiṁe a ḋéanaṁ ḋó, agus "fear marḃú an ċéad le aon ḃuille" a sgríoḃ ar a taoḃ. Rinne an gaba sin ḋó agus d'imiġ leis an bóṫar agus ḃí sé siubal nó go raiḃ

sé an-déirneaċ san oíḋċe agus
ṫáinig sé ag teaċ duine uasail.
Bí muinntir a' tíġe ina gcodlaḋ ⁊
ṡín sé siar ċois an ġeata go
maidin. Nuair a d'éirig an cailín
amaċ ċonnaic sí an gaisgíḋeaċ
seo ina ~~ṡuiḋe~~ luiġe cois a ġeata ⁊
claiṁe leagṫa le na ṫaoḃ aige. Ṫáinig
fear a tíġe amaċ agus ċonnaic
sé an claiṁe agus "fear marbuiġ
an céad le aon buille" sgríobṫa air.
Dubairt sé go gcaiṫfeaḋ sé go
mbaḋ ionganṫaċ an gaisgíḋeaċ é.
Labair sé leis go múinte ⁊ d'iarr
sé isteaċ ina tíġe é go mbeaḋ
a bricfasta aige. Nuair a bí a
bricfasta tógṫa aige de ċuile
sórt dá feabas dá mbféidir
leis a ṫabairt dó. "Bail ta mé
déanaṁ tiġ "aoirig a duine

uasal agus gac a ndeantar sa lá
ḋe bíonn sé leagṫa ar maidin"
(lár na bṫuirċeaċ) adeir sé, agus
má ḟágaim tú amaċ ceard tá
dá leagaim tiubraiḋ mé trí mías
óir ḋuit." "Tá go maiṫ" adeir a·
tailliúr, adeir sé. Nuair a
ṫáiniġ an oiḋċe ċuaiḋ an tailliúr
go dtí an áit a raiḃ an teaċ ḋá
ḋeanaṁ ⁊ ċuaiḋ sé suas ar a
sgafal. Nuair a ḃí sé amaċ leis
an do ḋeug d'airiġ sé íoċtar
na coille a ḋul 'na huaċtar.
Sgearr go dtáiniġ triúr fataiġ ⁊
trí cinn ḋe ġróte acaḃ, gró as
a ċaon ḟear acaḃ. An ċéad ḟear
a ċuir gró ins i teaċ ċait sé
(an tailliúr) miaróg ḋe ċloiċ leis ⁊
ḃuail sé ar ṗoll na cluaise é.
D'iompuiġ sé sin ṫairis agus ḃuail

sé iarra ḋen ġró ar a ġcúid
ḟaṫaċ a ċaṫaḋ leis mar ṡíl sé go
b·é a buail an ċloiċ air. D'ionnsuiġ
an triúr ḟaṫaiġ a bualaḋ a ċéile
agus ~~b~~ marbuiġ beirt acab an fear
eile, agus bí deire le leagan an
tiġe an oíḋċe sin bíṫigin ḋóib a
ḋul agus an ~~t~~ dreaṫair a ċur.
Ar maidin lá'r na báireaċ ṫáiniġ
an táilliúr ċoṁ ḟada leis an
duine uasal. "A ḃfuair tú amaċ"
adeir an duine uasal céard atá
a leagan a tiġe". "Baol féḃrí
céard atá ḋá leagan" adeir
an táilliúr níor leagaḋ aon
blaiṡ aréir ḋe." "By dad"
adeir an duine uasal "is maiṫ an
fear tú aċ a dtriáil~~f~~aḋ tú
oíḋċe eile ann". "By dad
ṫriáilfeaḋ" adeir an táilliúr

San oíḋċe lár na báireaċ ċuaiḋ se
a faire an tiġe, agus ṫug se leis
miaróg de ċloiċ ma tánn a ḋul
suas ar a staġal. Nuair abí se
ṫíos a dó ḋéag san oíḋċe d'airiġ
se an sióġa a teaċt arís. Ní
raiḃ ann aċ beirt de na fataiġ an
oíḋċe seo agus an ċéad fear a ċuir
gró sa teaċ a ḋul dá leagan ċait
se an miaróg de ċloiċ leis 7 ḃuail se
ar a gcluais é. D'iompuiġ an
beirt fataiġ a ċéile nó gur maraiḃ
duine aca an duine eile. D'ardaiġ
se leis ar a ḋruim é nó go gcuirfeaḋ
se é 7 ḃí deire le leagan a' tiġe an
oíḋċe sin. Ar maidin lár na báireaċ
ċuaiḋ an táilliúr ċoṁ fada le teaċ
a duine uasal arís. D'fiafruiġ an
duine uasal de a raiḃ fios aige ċéard
abí a leagan tiġe. "Cé ḃrí ċéard a

bí ḋá leaġan" adeir sé "níor
leaġaḋ aon ḃlas aréir ḋe." "By dad
is maiṫ a ḟear ṫú" adeir an
duine uasal. "Nó a ngabfaiḋ tú
oiḋċe eile ḋá faire" adeir an
duine uasal". "Ċuige naċ ngabfainn"
adeir an táilliúr. An tríoṁaḋ oiḋċe
ċuaiḋ sé go dtí an teaċ ⁊ ṫug sé
mialróg ḋe ċloiċ leis. Amaċ i ndeire
na hoiḋċe d'airiġ sé an siosġa a
teaċt agus ní raiḃ ann aċ aon
faṫaċ aṁáin an tríoṁaḋ
hoiḋċe a teaċt. Nuair a ċuir an
faṫaċ an gró sa teaċ ċaiṫ an
táilliúr an ċloiċ ⁊ ḃuail sé ar
a gcluas é. Tosuiġ an faṫaċ a
breaṫnuġaḋ ma ṫimċeall ní raiḃ
fios aige sa doṁan cé ḃuail é ⁊
connaic sé an táilliúr ṡuas ar
an staġal. "Ó! a ḃiṫeaṁnaiġ" adeir

a ḟaṫaċ" ġaiḃ anuas a·m agus
níl ḟios a·m céard a ḋeanfas
mé leat mara gcuirfiḋ mé ḋe
ṡéiḋleóg san aer ṫú agus bí tú
do ċion tiocair" adeir sé "le mo
ḃeirt ḋreaṫar a ṁarbuġaḋ."
"'Sgearr go mbeiḋ mise ṫíos a·ḋ a
ḃuaċaill" adeir an táilliúr a
ḋul anuas 7 a taisbeál an taoḃ
ḋen claiḋeaṁ a raiḃ "fear marbuġaḋ
an ċéid" sgríoḃṫa air ar aġaiḋ
rus go bfeicfeaḋ sé é. "Caiṫfeaḋ
sé go gcaiṫfeaḋ sé gur
iongantaċ an gaisgiḋeaċ tú"
adeir an ḟaṫaċ, leis féin, agus ḃuail
claiḋiriaḋact é. "agus níl níl rud
a·biṫ is fearr ḋom ná ḋeanaim
mór leat agus ṫabairt liom in
éinfeaċt liom féin agus le mo
ṁáṫair." Rinne sé mór leis a

ṫáilliúr agus dubairt sé leis a
ṫeaċt in éinfeaċt leis féin ⁊
le na ṁáṫair ó ḃí a beirt
dreáṫar marḃ agus go mbeaḋ
saoġal maiṫ acab. "Tá go maiṫ"
adeir a ṫáilliúr "gabfaiḋ mé
in éinfeaċt leat" adeir sé.
Nuair a ṫáinigeadar go dtí
an ṁáṫair "Seo gaisgiḋeaċ
a ṫug mé liom ó ḃí mo beirt
dreáṫar marḃ" adeir an fáṫaċ,
agus deanfaiḋ sé roinnt
seirḃís dúinn" adeir sé.
"Muise feicear dom" adeir
ṁáṫair na bfáṫaċ "fear go
beag ~~de~~ ṫéagar leis naċ bfeudfaiḋ
sé mórán spreacaḋ a beiṫ ann.
Tabair leat a caiṫeam an
ord mór é" adeir an
ṁáṫair "agus ċaon duine dé

do ḃeirṫ ḋreáṫar iuḋon é ċur seaċt n-iomaire agus seaċt n-acra." Rug a táilliúr ar an ord, 7 ċuir ṡé a ṁéar 'na ḃéal agus leig sé fead. "Cén ḟáṫ a ḃfuil tú ḋá ḋéanamh sin" adeir an fáṫaċ. "Ḃí ḋreáṫair liom a ṫosuiġ á ḋéanaṁ tíġ nuair a ḋfág mé an baile 7 ḋfeilfeaḋ an t-ord seo go rí-ṁaiṫ é 7 tá mé go gcaiṫfiḋ mé aige é" adeir an táilliúr. "Ó ċeird tá tú ḋul a ḋéanaṁ" adeir an fáṫaċ "ord mór na ṡinsear go ḋeimin ní ċaiṫfir" adeir sé. "Ní ċaiṫfiḋ mé ċor a ḃiṫ mar sin é" adeir an táilliúr, adeir sé. Nuair a ṫáiniġ an fáṫaċ isteaċ go ḋtí na ṁáṫair "ḃfuil aon

ṁaiṫ leis a ċaiṫeaṁ an oiḋċe"
a deir an ṁáṫair "naċ é ċaoi
raiḃ sé ḋul dá ċaiṫeaṁ
ag dréaṫair do ḃí sa mbaile
ḋá dtugaim a ċead dó"
a deir an fáṫaċ. "feicead dom"
a deir an ṁáṫair "fear go beag
ḋe ṫeagar leis naċ ḃfeadfaḋ
sé mórán spreacaḋ a ḃeiṫ
ann aċ le gliocaḋaċt atá sé
sin a deanaiṁ na hoibre. Bí
ċaon ḋuine ḋe do ḋréaṫóraċa-
sa i ndon lán an dabaċ móir
sin a ṫabairt leóṫaḃ ⁊ tabair
leat go ḃfeicfiḋ tú a ḃfuil sé
i ndon a lán a ṫabairt ó'n
tobar." D'iarr an fáṫaċ air
an dabaċ a ṫabairt leis nó
go dtugfaḋ sé a lán uisce
ó'n tobar agus aṁáin ní raiḃ

Sé i ndon an dabaċ folláin a
ṫabairt leis ins' he-ainim é ; a
croċaḋ agus dubairt an táilliúr
leis a ḃfaṫaċ an dabaċ folláin
a ṫabairt ina ṫobair 7 go
dtiubrfaḋ sé féin lán an dabaċ
as a tobar. Ṫug an faṫaċ
leis an dabaċ 7 ṫug an faṫaċ
láidir leis 7 ċuadar ina tobair.
Ṫosuig an táilliúr a ġearaḋ
claise timċeall ar an tobar.
"Céard tá tú déanamh mar sin"
adeir an faṫaċ. "Tá mé go
dtúgha mé an tobar is a
bḟuil ann abaile ag do ṁáṫair"
adeir a faṫaċ, adeir sé: "bḟéadair
gur minic a ḃeiṫfeá-sa in éigin
as an mbaile agus dá mbeaḋ
an tobar in aice an dorais
ag do ṁáṫair ḃeaḋ sí i ndon

braon uisge a ṫabairt aice féin."
"Ḃra céurd tá tú ḋul a ḋéanaiṁ"
adeir an fáṫaċ "tobar na sinsear"
adeir sé- "go ḋeinim ní
ġiubrfaiḋ!" "Mara dtuga"
adeir an táilliúr tabair ċuġ
féin abaile do ḋaḃaċ" adeir sé.
Nuair a ṫáinig sé abaile "cé
mar d'oibriġ sé-" adeir an
ṁáṫair "Ó nác é-ċaoi raiḃ sé
ḋul a ṫabairt an tobar is a
raiḃ ann na tiġe" adeir an
fáṫaċ ḋá dtugainn a ċead
ḋó." "Ah-le spreacaḋ atá an
ruḟṁeaċ sin a ḋéanaiṁ na
hoibre ċor a-biṫ" adeir an
ṁáṫair ac le gliocaiḋeaċt.
Aċ tabair leat ċúig ċinn ḋe
ċaoraiġ" adeir an ṁáṫair
agus marḃuiġ iad agus ḋá

buiséal fataí 7 bruiṫ iad go
bfeicfiḋ tú cé agaiḃ is mó atá
i ndon iṫe." Ċúns bí an fataċ
a réiḋteaċ bí an táilliúr a
cuarṫuġaḋ go bfuair sé
craiceann gabair agus go
ndearnaiḋ sé mála ḋe. Ċuir
sé taob istiġ ḋá ċuid éadaiġ
é. Nuair a bí an béilí réiḋ
ċuadar ag iṫe. Bí an táilliúr
a líonaḋ an mála ċoiṁ maiṫ 7
d'féad sé é i ngan fios ḋon
fataċ. "By dad" adeir an
fataċ nuair a bí sé sáṫaċ
"níl mise i ndon iṫe níos mó"
adeir sé. "Níl mise mar sin"
adeir an táilliúr "tá mise i
ndon an méid atá iṫte agam
a sgaoileaḋ amaċ agus an oiread
céanna iṫe arís" adeir sé.

"Cé ċaoi mbeiṫfeá i ndon é
sin a ḋéanaiṁ" adeir an
faṫaċ, adeir sé. Rug an
táilliúr ar an sgian agus
ġearr sé an mála anuas 7
sgaoil sé amaċ a raiḃ curṫa
aige ann ó ṫosuiġ sé ag iṫe.
"Faraoir naċ ḃfuil mise i ndon
é sin a ḋéanaiṁ" adeir an
faṫaċ "Rug go mbeinn i ndon
an oiread eile a ~~ḋéanaiṁ~~ iṫe
arís agus 's fearr ḋuit é
ḋéanaiṁ liom" adeir sé
leis an táilliúr. "By dad m'-
ḋeanfaiḋ mise leat é" adeir
an táilliúr déan tú féin leat
féin é." Rug a faṫaċ ar a
sgian agus ḋ'osgail sé é féin
leis a sgian ó na béal síos go
dtí íoċtar a ḃoilg agus sin sé

siar agus cailleaḋ é. 'S gearr
go dtáinig an ṁáṫair ṫart
feiċeaint cé aca bí mo ábí
i ndon íṫe agus fuair sí é seo
marḃ. "Óra a ḃiṫeaṁnaiġ bí
fios agam naċ le neart a ḃfuil
mo ḃeirt ṁac marbuiġṫe agat
aċ le gliocas agus ní le neart a
rinne tú é seo aċ le gliocas
aċ marbóċaiḋ mise tú féin
anois" adeir sí. "Riṫ sé ó'n
gcailleaċ agus ní raiḃ mórán
aṁairc aice agus ċuaiḋ sé i
gcúṁne eiciṫ i ḃfolaċ aici.
Ní raiḃ aon rún aige imṫeaċt
no go nġoidfeaḋ sé an ṁéid
óir a ḃí ag na faṫaiġ sul ḋá
n-imṫiġeaḋ sé. Bí sé a' faireaḋ
ar an gcailleaċ cuile lá no
~~gur~~ go ḃfuair sé ina ċodlaḋ

⁊ agus ċuir sé dá bior sa
teine nó gur dearg sé iad ⁊
ṡáiṫ sé isteaċ faoi na súile
iad ~~nó gur~~ agus ní raiḃ spē
a ḃiṫ annsan aige. Ḃí sé
ag imṫeaċt ansan a ċuartuġaḋ
ċuile áit agus ní raiḃ aṁarc
a ḃiṫ aige — sí air nó go ḃfuair
sé amaċ araiḃ ḋe airgead sa
teaċ agus gur ardaiġ sé
leis é. Ṫáinig sé go dtí teaċ
an duine uasail go ḃfuair
sé a ṫrí oiread óir. Rinne
an duine uasal a teaċ agus
níor leagaḋ aon cloċ ḋí ba
nú ḋe. Ṫáinig an tailliúr
abaile agus é saiḋḃir sásaċ.

23/11/33

# Ʒadaí an tSliab Ruaḋ

Sean ḟear aḃí ḟadó aim agus ní raiḃ aige aċ aon ṁac amáin. Bíoḋ an sean ḟear i gcomnuiḋe ag obair le feilmeára. Aon lá amáin labair an feilmeára leis an sean ḟear. "bfuil deir siad gur iongantaċ an gadaí é do ṁac-sa" adeir an feilmeára. "bfuil ḋféad fiaḋ sé" adeir a sean ḟear, "bfuil obair leis" adeir an feilmeára "muna ngoidfiḋ sé an ~~tarb~~ bulán atá a treabaḋ na páirce agam-sa agus triúr buaċaillí a tabairt aire dó go bfuil an cloigeann le cailleaḋ aige a máireaċ." Nuair a táinig an sean ḟear abaile trathnóna, nuair abí an suipéar bruite ní raiḃ sé a dul ag ite aon blas, agus é

breaṫnuiġaḋ an-ḃrónaċ. "Sílfeá go bfuil rud uicṫiṫ ort" adeir an mac. "Ó muise tá mo ḋóṫain orm a ṁic" adeir an t-aṫair. "An misde ḋom fiafruiġ" adeir an mac "céard é féin". "Dubairt a feilméara mar a mbeaḋ an bulán atá treabaḋ na páirce goiḋte aiḋ-sa a ṁáireaċ go mbeaḋ an ceann le cailleaḋ agat." "Go bfuaire Dia ort a aṫair" adeir sé "ní stróḃ a biṫ orm-sa é sin a ḋeanaim. Ḃí fios aige cé raiḃ leabaḋ ḋearg girrfiaḋ agus d'imṫiġ leis ⁊ fuair sé greim ar an ngirrfiaḋ. Bris sé ceann ḋá cuid cosa deire. Ḃí sé ag éileaḋ ag an bpáirc a raiḃ an bulán ann leis an ngirrfiaḋ

gur sgaoil sé an girrfiaḋ
isteaċ sa bpáirc. Nuair a
ċonnaic an triúr aḃí tabairt
aire ḋon ~~girrfiaḋ~~ bulán an
girrfiaḋ agus a ċos ḃriste as
go bráṫaċ leóṫab i ndiaḋ an.
girrfiaḋ. Nuair a d'imṫiġeadar
as a bpáirc isteaċ leis sa
bpáirc agus tugann sé an
sgian ḋó raib ḋe beilteannaí
ḋá ċeangal agus arduiġeann
sé leis an bulán aḃaile. Buail
sé ḋen ṫuaiḋ é ⁊ dfeann sé
ḋó féin agus ḋá aṫair é. Nuair
a ṫáinig an sean ḟear ar maidin
ma ċuid oibre ṫáinig an duine
uasal ċomh fada leis. "Ar ġoid do
ṁac an bulán aréir" adeir an
feilmeára. "By dad ġoid"
adeir an sean ḟear. "Is maiṫ

a fear é" adeir an feilmeara.
"ḃol abair leis mar a mbeiḋ an
capall atá istiġ ar stábla
agam-sa agus triúr fear
a tabairt aire ḋí goiḋce aige
a máireaċ go mbeiḋ an ceann
le cailleaḋ aige." Dá ḃrónaiġ
dá raiḃ an sean fear an ċéad
lá ḃí sé trí huaire ḋí ba
ḃrónaiġ an dara lá; ḃí sé a
ceapaḋ naċ raiḃ fagaḋ a ḃiṫ
aige an capall a goiḋ amaċ
ó'n triúr acab. Nuair a ṫáiniġ
an sean fear abaile san oiḋċe
agus d'innis sé ḋon ṁac é.
"Ní stróḃ a ḃiṫ orm-sa é sin
aṫair" adeir sé. D'imṫiġ
leis agus ceannuiġ sé trí
buidéal fuisge. Cuir sé
snaoisín ar ceann acab. Ḃí an

oiḋċe an-ḋona, ḃí sé ag cur
agus a róḋaḋ agus ṫáinig sé go
an ndoras a raiḃ an capall agus an
triúr fear ann agus é gleaṡta
suas mar fear siubail, puca taoḃ
ṫiar agus taoḃ ḃfogas air, agus
d'iarr sé lóistín as uċt Dé.
"Ní féadfaḋ muid aon lóistín
a ṫaḃairt ḋuit tá muid a faireaḋ
ar ġadaiġ an tSléiḃ Ruaḋ agus
ní féadfaḋ muid aon ḋuine a
leigeann isteaċ." "As uċt Dé
leigí isteaċ mé nó beiḋ mé
caillte ċois a ndorais ar maidin
agaiḃ. agus féudfaiḋ siḃ mé caiṫeaṁ
faoi'n bféar atá faoi ċloigeann
an ċapaill agus ní beiḋ fios ar
ann nó as mé" adeir sé.
Leigeadar isteaċ é. faoi ċeann
sgaṫaim dem oiḋċe ċuir sé

~~..~~ Reaċt mór millteaċ ċasaċt,
agus d'éirig sé aniar agus tarraing
sé aige ceann de na buidéil 7
d'ól sé sgluig as ceann acab.
faoi ċeann leaṫ uaire rinne sé
an rud céadna. Connaic na fir
abí a tabairt aire don ċapall
an buidéal aige. "Muise is olc atá
tú faoi do buidéal" adeir
fear acab. "Muise sin braonín
a bíonn ag imteaċt feuċaint
a mbogfaḋ sé an ċasaċt orm"
adeir sé. "Aċ má tá aon
tóir agaib — sé air féudfaiḋ
sib braon a beiṫ agaib de" a
sínead ceann de na buidéil
ag fear acab. Nuair abí deoċ
ól-ta ag ċaon duine dem triúr
acab as an mbuidéal bíodar
dá ṡínead aige arís agus

Dubairt sé leóṫab é d'ól. Nuair
abí píopa dem oiḋċe caiṫte
ċuir sé tuilleaḋ casaċt as 7
ṫairrinġ sé aiġe buiḋéal eile.
Nuair d'ól sé deoċaín beag
as ṡín sé acab aríst an
buiḋéal sin. Nuair abí sé
sin ól-ta acab bí siad súġaċ
go maiṫ. Ḋíriġ sé aniar faoi
ċeann sgaṫain eile agus rinne
sé casaċt eile agus ṫairrinġ
sé aiġe an buiḋéal a raiḃ an
snaoiṁín air agus leag sé a
ṫeanga air. "B'féidir go n-ólfaiḋ
sib braon as an mbuiḋéal seo"
adeir sé a síneaḋ an tríomaḋ
buiḋéal acab. Nuair abí an
tríomaḋ buiḋéal ól-ta acab bí
beirt acab tuitiġṫe agus an
fear eile a ḋul anonn agus

anall agus a rádh dá mbeadh
Gadaigh an tSliab. Rud aige
féin anois go mba dheas an
caoi a chuirfeadh sé air.
Chaith sé dhe na pucaí agus
d'éirigh sé agus buail sé an
fear dhe thorna agus leag sé
é agus sgaoileann sé an
capall agus buaileann sé
ar marcuigheacht uirthi go
dtáinig sé abhaile go dtí
teach athar. Nuair a chuaidh
an sean fhear ~~abhaile~~ chomh
fada leis an bhfeilméara ar
maidin "ar goid do mhac an
capall aréir". "By dad goid"
adeir a sean fhear. "Is
maith a' fear é" adeir a
feilméara. "Bhal abair leis
anois" adeir an feilméara

mara ngoidfiḋ sé an bráitlín atá fúm-sa agus faoi mo bean anoċt agus an fáinne atá ar a méir go bfuil an Ceann le cailleaḋ aige. Nuair a ṫáinig an sean fear abaile san oíḋċe ṡuiḋ sé síos ar a mbúinse agus ṫosuig sé a caoineaḋ. D'fiarruig an mac de ċéard a bí air. "Tá mo ḋóṫain anoċt orm ar ċaoi bit" adeir sé "féḃrí ċéard a bí ariaṁ orm." "Ċéard sin" adeir an mac, adeir sé: "Dubairt an feilmeara leat" adeir an t-aṫair "mara ngoidtá an bráitlín atá faoi na taoḃ féin agus faoi taoḃ a mná anoċt go raiḃ an Ceann le cailleaḋ amáireaċ aiḋ."

"Ó ní stróḃ a ḃí orm-sa é-
sin a ḋéanaṁ aṫair" a ḋeir
sé." Ḃí marḃán sa roilig agus
ṫóig sé é. Ċuaiḋ sé taoḃ
amuiġ ḋen ~~fuin~~ fuinneoġ a
raiḃ an feilméara ina ċodlaḋ
ann. Ḃí an gunna lódáilte ag
an ḃfeilméara taoḃ istiġ agus
é leagṫa le taoḃ na leabṫa aige.
Ruġ gadaí an tSliaḃ ~~Ḋuḃ~~
Ruaḋ ag ḋá ċos ar an
marḃán agus ċuaiḋ faoin
fuinneoġ agus ḃí sé ḋá
ísleaḋ agus ḋá ~~##~~ árdúgaḋ.
Ċonaic an feilméara é-
agus ḃuail sé a uillinn ar
an mbean agus dubairt sé
léiti go raiḃ gadaí an tSliaḃ
Ruaḋ ag an fuinneoġ. "Nac
fearr ḋom é ċaiṫeaḋ" a deir

sé. "Ó Caiṫ an biṫeaṁnaċ"
adeir sí. Nuair a d'airiġ
Ġadaí an tSliaḃ Ruaḋ an
torċar sgaoil sé uaiḋ an
marḃán. "Níl fios aim beiriṫe
na beo anois céard a
ḋeanfas mé" adeir sé.
"Ó Caiṫfiḋ tú é ċur" adeir
an bean, ~~[illegible]~~ "agus tairrinġ
síos an loċtar a ġairdín é 7
dean poll ḋó ann agus caiṫ
síos ann é." Bí Ġadaí an
tSliaḃ Ruaḋ taoḃ amuiġ a
fairead go bfáġaḋ sé é seo
dá ċur. Nuair abí an
feilméara sgaiṫín beag amuiġ
ṫáiniġ Gadaí an tSliaḃ Ruaḋ
isteaċ. Nuair ~~abí~~ a ṫáiniġ
sé isteaċ "Ó" adeir sé "Sí
an oiḋċe is fuaire í dá raiḃ

mé amuiġ aréir agus faraor nár éist mé leis." Ḃí sé a ~~gabáil~~ bualaḋ a ċuid fiacla i n-aġaiḋ a ċéile agus ḋeaṁan a raiḃ fios ag an mbean naċ é a fear abí ann. "Ól bloġam ar an mbuidéal" adeir an ḃean agus gab isteaċ sa leabaiḋ go dtéiġiḋ tú agus naċ bfuil an oiḋċe fada a ḋ." ~~go~~ adeir sí. Ḋiól sé deoċ ar an mbuidéal agus ċuaiḋ sé isteaċ sa leabaiḋ. Ḃí sé a léimneaċ le fuaċt agus ní fuaċt abí air aċ a ċiceáil na bráillín gur ċuir sé síos le fána na leabṫa í. Deiriġ sé ar a leabaiḋ ansin. "Ḃail ní mairfiḋ mé leis an naiġneas" adeir sé "agus feicear dom dá mbeaḋ an fáinne atá ar

Do ṁéir aim go mbainfeaḋ sé
an ṫuarasneaḃ díom, beirim a
cuimniuġaḋ a gcoimnuiḋe ort"
adeir sé: "féadfaiḋ sé sin a
ḃeiṫ a·d agus fáilte" adeir sí.
Ṫug leis an bráillín faoi'n éasgaill
agus an fáinne agus bailiġ leis.
Faoi ċeann sgáṫaiṁ maiṫ ṫáinig
an feilméara isteaċ. "Ar imṫiġ
aon ḃlaḋ d'en fuaċt as an oiḋċe"
adeir sí "ó bí tú istiġ ċeana".
"Árnú ní raiḃ mise istiġ ċor a
ḃiṫ" adeir sé "ó ċuaiḋ mé
amaċ". "Go deiṁin bí'r" adeir
an bean "árnú ní'l sé leaṫ-
uair ó ċuaiḋ tú amaċ as
seo." Ṫosuiġ sé a tór~~ig~~aiḋeaċt
agus fuair sé an bráillín imṫiġṫe.
"Bfuil an fáinne a·d" adeir sé
leis an mbean. "Naċ dtug mé-

ṫuit ċeana é. "adeir sí. ~~teiḋ~~
~~an~~." "Ó tá sin déanta"
adeir sé. Nuair a ṫáinig
an sean fear go dtí an
feilméara lá'r na ḃáireaċ
"gaḋ do ṁac an braitín" adeir
sé - "agus an fáinne". "By God
gaḋ" adeir an sean fear.
"abair leis anois" adeir sé - "an
tír fágáil nó má fágann - sé
aon amarc arist go bráṫaċ
air béiḋ an ceann le caillead
aige". Nuair a ṫáinig an sean
fear abaile tráṫnóna d'innis
sé don ṁac go gcaiṫfeaḋ sé
an tír fágáil. Deanan blaḋ
suim abí ag an ṁac ann.

Bí an mac a siubal agus a
siar ísteaċ ansoin nó gur
casaḋ isteaċ é ~~ag~~ i dteaċ

déanta naighní. Dhiarr sé obair agus dá fhear déug abhí ag obair ann. D'fhiarruigh an máighistir de cén pháigh bheadh sé iarraidh agus dubhairt sé go mbeadh sé ag iarraidh an oiread leis an dá réug, agus ní fhaca sé aon chiall dhe na naighní dhá ndéanamh chéana ariamh. "Bail ní fhéadfaidh mé páigh na dá réug a thabhairt duit" adeir an máighistir. "Mara bhfuil mé i ndon an oiread leis na dá réug a dhéanamh" adeir sé "ní iarrfaidh mé é." Chuaidh sé a' déanamh na naighní agus dhéanfadh sé an oiread le dhá réug eile acab. Ní mórán achair go raibh an oiread naighní déanta

acab agus naċ raiḃ siad a
fáġáil ceannaċt aibiṫ orṫaḃ
agus b'éiġin do imṫeaċt.
ḃí sé siubal leis arís agus
Sé'n áit ar casaḋ é ag
Caibileára agus ḃí ḋá réir
eile ag obair aige sin. D'iarr
sé obair. "Cén sórt obair atá
tú i ndon a ḋéanamh" adeir
an Caibileára. "An obair atá
siad sin a ḋéanamh" adeir
sé; agus ní faca sé aon
bróg ḋá ḋéanamh ceana
ariamh. "Cén páġ tá uait"
"an oiread leis na dá réir"
adeir sé. "Ní féidfaiḋ mé
páġ ḋá réir a ṫabairt duit"
adeir sé: "Mara bfuil mé i
ndon an oiread leis na dá
réir a ḋéanamh" adeir sé.

seo "ní iarrfaiḋ mé é".
Ċuaiḋ sé ag obair. Ḋeanfaḋ
sé an oiread le ḋá réiġ
eile agus ċuir sé uaiḋ an
ḋá réiġ eile agus coinniġ
sé gadaí an tSliab Ruaḋ.
Nuair abí sé seaċtmain
ann níor ṫaitniġ an beaṫa
leis abí sé fágail ann.
D'fiarruiġ sé ḋen Caibileára
cén * ċiall na raib aon
feoil aige." Níl aon beiṫiḋeaċ ná
aon ċaora ~~i~~ i ngar ḋomsa naċ
bfuil istiġ i dtiġṫib le faitċios
romham aċ aon páirc amháin atá
annseo ṡuas atá lán le beiṫiḋiġ is
le caoire 7 tá an oiread seo fear
a tabairt aire ḋóib sin siubal
oiḋċe is lae. Sé'n tamall atá
orm-sa" adeir sé "an gadaí

Duḃ ó Ḋúḃáin." "Is maiṫ mar ṫarla"
adeir an fear eile" gadaí an
tSliaḃ Ruaiḋ." "Meas tú a mbeaḋ
fáġail a ḃiṫ" adeir gadaí an
tSliaḃ Ruaiḋ "aon ċeann de na
caoirí atá sa bpáirc a ṫabairt
linn." "Tá fios agam nach bfuil
aon ġadaí déanta" adeir an
gadaí Duḃ "i ndon aon ċeann
acab a ġoid." "Ḃoil caiṫfiḋ tú
ṫeaċt in éinfeaċt liom-sa
anoċt" adeir gadaí an tSliaḃ
Ruaiḋ. Nuair a ṫáinig an oiḋċe
ḃíodar ag <u>éalaḋ</u> go dtáinigeadar ag
claiḋe na páirce agus ḃíodar a tollaḋ
go ndearnadar poll faoi íoċtar an
claiḋe go raiḃ duine acab i ndon a
ḋul isteaċ. Ċuaiḋ an gadaí Duḃ
isteaċ agus fuair sé greim ar an
uasġáinín ba dona ḃí sa bpáirc

Cuir gadaí an tSliaḃ Ruaḋ ialaċ air
a ḋul an taoḃ eile ḋen ṗáirc leis go
riṫfeaḋ an dream abí a taḃairt
aire do na caoire ma ḋiaḋ. Nuair
abí an tuasgáinín tao' 'muiċ
ṫosuiġ sé a méileaḋaċ i ndiaḋ
na gcaoraċ agus d'fuagair an dream
abí taḃairt aire do na caoire go
hísiol is go hárd go raiḃ na caoire
goiḋtí ag gadaí Duḃ ó Ḋúḃúin.
Leis go bṗráṫaċ leóṫaḃ a riṫ i ndiaḋ an
gadaí Duḃ agus nuair a fuair
gadaí an tSliaḃ Ruaḋ imiṫiġṫe
iad isteaċ leis féin sa bpáirc
gur ċuir sé amaċ sgór ḋe na
caoire ba raṁinre abí ann.
Tiomáineann sé leis iad go dtug sé
leis abaile iad ag teaċ an ġadaí
Ḋuiḃ. Nuair a ṫáiniġ an gadaí
Duḃ ḃí na sgór caoire feamnta

agus ioḋ croċta suas ag ~~gad~~ an
n-gadaí Ruaḋ, "Na mallaċt ḋuit"
adeir an gadaí Dub "hóbair go mba
leat a croċfaí mé sé te- mar rinne
tú" adeir sé. "Siubal nait amaċ
'sa stábla" adeir gadaí an
t-Sléib Ruaiḋ go bfeicfiḋ tú a
bfuil ann." "Is tú an fear is
fearr a connaic mé ariaṁ" adeir
an gadaí Dub. "Sílim mise"
adeir sé - "go raib mé féin ino
ġadaí maiṫ sé ní'l gair na-
gaobar ann ort-sa". bíodar
ag iṫe feóla annsoin go raib an
méid sin iṫe acab agus ní raib
aon fáġail acab ar aon blas eile
fáġail; ní raib bó na caora timċ
timpeall orrṫab nár raib fir a
tabairt aire ḋóib siubal lae
'gus oiḋċe. bíodar seaċtṁain

ansoin gan aon blas feola iṫe
agus connaiceadar fear a ḋul an
bóṫar agus caora ar ṫéadán aige
a' ḋul 'na naonaig. "Is iomḋa fear"
adeir gadaiḋe an tSliaḃ Ruaḋ "a
ġoidfeaḋ an ċaora uaid 'n bfear
sin". "Níl aon gadaiḋe deanta"
adeir gadaiḋe an tSliaḃ Ḋuiḃ
"i ndon an ċaora sin a ġoid atá
ar ṫéadán ag an bfear a ḋul 'na
naonaig." "go bfóiriḋ Dia ort"
adeir gadaiḋe an tSliaḃ Ruaiḋ;
adeir se- "is beag an ṁoill orm-sa
í a ġoid." Ṫug se leis péire bróga
nua agus ġearr se' aiṫ-giorra
roime fear na caorac agus ċuir
se' salaċar ar bróg aca agus ċaiṫ
se' ar a' mbóṫar í agus ċuaiḋ
se' tuairim leiṫ ṁíle eile ḋen
bóṫar agus ċaiṫ se' ann an

bróg eile. I gcúis Coille a ċaiṫ sé
an dara bróg. Nuair a ṫáinig fear
na caoraċ suas leis an mbróg.
"Is breag an bróg sin" adeir sé
a bainnt fuic aisti leis an maide
"Marac go bhfuil cú sulaiċ ac dá
mbeadh do leaṫ-ċeann eile ann
b'fiú cú a ġlanaḋ." Bhí sé
siubal leis gur casaḋ an bróg eile
ḋó. "Tá agam anois" adeir sé
"agus ceangalóċaḋ mé an ċaora
~~don crann~~ anseo agus gabhfaḋ mé
'giarraḋ an ċeann eile." Ceangail
sé an ċaora don crann agus
ċuaiḋ sé 'giarraḋ na bróg eile.
Bhí gadaí an t-Sliabh Ruaḋ i
gcúis na Coille a' faire ar an
gcaora agus nuair a fuair sé
an fear imṫiġṫe arduiġeann
sé leis an ċaora agus tugann

sé ag ~~gadaí an~~ an ngadaí Dubh í.
fuair ceann coiscíṫe connaiceadar
an fear céadna a ḋul an bóṫar
agus inne ar céadán uige. bí an
caora iṫte faoi'n ám seo acab
agus dubhairt Gadaí an tSliab
Ruaḋ gur maiṫ an ceart an
inne a goid uaiḋ." nac bhfuil fios
aiḋ nac bhfuil aon gadaí faoi'n
domhan i ndon an inne sin a goid
ó'n fear sin a bhfuil sí ar ċéadán
uige". "Is gearr an moill orm-sa
í goid" adeir Gadaí an tSliab
Ruaḋ. D'imtig leis agus níor
ċomnaig sé go dtáinig sé. San
áit a raib an caora ceangailte
ag an bhfear an céad lá agus
nuair a d'airig sé a ḋul tairis é
rinne sé méil istig ins an
gcoill. "Is fíor sin" adeir an

fear "an rud nać nʒoidtear faiʒtear
Sin í mo ċaora atá a méileaḋaċ
sa ʒcoill aʒus beiḋ an ċaora 7
an liune a'm indiu ar an aonaċ."
Nuair a ċuaiḋ fear na caoraċ isteaċ
'sa ʒcoill d'imṫiġ ʒadaí an
t-Sliaḃ Ruaḋ, ḃí sé a' teannaim
uaiḋ i ʒcomnaiḋe ʒo dtáiniʒ
sé amaċ sa ʒceann eile den
coill nó ʒur árduiʒ sé uaiḋ
an liune, ʒo dtuʒ sé abaile ʒo
dtí an ʒadaí dubh í. Nuair a ḃí
an liune iṫte ucab ṫáiniʒeadar
ʒann i leiċar aʒus ní raib aon
leaṫar le fáʒail ucab ní ba
ʒoire do baile na b'leá Cliaṫ.
Ní raib aon duine ucab ann sin le
-ḋul ʒo b'leá Cliaṫ na -ṫimpeall
orrṫab uċ capall abí aʒ
saʒart aʒus bioḋ sí sin istiʒ

inṡ an gcistineaċ ċuile oíċe le
faitċios roim an ngadaí dub. "Is
maiṫ an ċeart ḋuinn" adeir gadaí
an tSliab Ruaḋ "'s sin féin a
goid uaiḋ go dteiġ muid ag
iarraiḋ leabṫair". "Fébri céurd a
rinne tú airiain" adeir an gadaí
dub nać bfuil fios agat naċ bfuil
fágail a·biṫ agat i sin ~~a liur~~ a
goid atá istig ar a gcistineaċ
ċuile oíċe." "Ní scrób a·biṫ
i ngoid uaiḋ" adeir gadaí an
tSliab Ruaḋ. Nuair a ṫáiniġ
an oíċe fuair gadaí an
tSliab Ruaḋ <u>seiće</u> bó agus
dubairt sé leis an ngadaí
dub a ḋul isteaċ agus ċuaiḋ
agus ċas sé rópa air agus
d'árduiġ sé leis ar a ḋruim
é. Ṫáiniġ sé go dtí teaċ

a' tsagairt agus d'iarr sé
lóistín as ucht Dé agus na
maiġdeana. Dubairt an sagart
naċ bhféadfaḋ sé aon lóistín
a ṫabhairt dó go raibh a
ċapall istiġ 'sa gcistineaċ
ċuile oíḋċe le faitċíos a
ngoidfeaḋ an gadaí dubh í
agus naċ bhféadfaḋ sé aon
ḋuine ḟágáil istiġ. "Sé ar an
mbealaċ a bhfuil sé iarrṫa agat
ma ḋíoḋ sin féin i nainm Dé
agus na maiġdeana caiṫfiḋ mé
ṫú ḟágáil istiġ, faoi ċeann
sgaṫaimh den oíḋċe bhí
dreabṫar an tsagairt a
rópa ge; agus ṫáiniġ bolgóg
uirṫi. "Naċ aisteaċ an rud"
adeir gadaí an tSliaḃ
rud "atá an bolgóg sin

Ruġ sé ar a seiċe agus
ċaiṫ sé suas ar a
lochta é.

ar an uisge a ráḋ, go bfuil gadaí
dub ó dúbáin ar an Toca. Nuair
a ċuala an gadaí dub an
ċainnt annas leis de léim ⁊
amaċ leis agus as go bráṫaċ
leis an sagart agus le na
ḋreabṫar a riṫ ina ḋiaiḋ.
Nuair a fuair gadaí an
tSliaḃ Ruaḋ imṫiġṫe iad
sgaoileann sé an capall
agus buaileann sé a mairciaġaiċ
uirṫi, no go dtáinig sé suas
leis an ngadaí dub. Bíodar
a deanaṁ ar Ḃ'leá Cliaṫ ⁊
bí beirt sagairt a ḋeanaṁ
orrṫab agus d'aiṫnig na
sagairt capall an tsagairt
a dtugadar an capall uaiḋ
" agus is maiṫ an ceart ḋuinn í
buint ḋíob " adeir sagart acab

leis an sagart eile. "ná bac leóṫab"
adeir an sagart eile "croċfaiḋ
fear acab sin an fear eile ⁊
mB'leá Cliaṫ agus taċtfaiḋ
sibinín Luaċair an fear eile ṫall i
Londain Ṡasana." Nuair a
ṫáinigeadar go B'leá Cliaṫ
Capaḋ áit ḋóib leiṫí iad féin
a ṁeaḋċan agus bí deis air
mar a mbeaḋ beirt ann ní
féadfá ṫú féin a ṁeaḋċan.
Caiṫfeaḋ duine acab an duine
eile a leigeann amaċ. gaḃfaiḋ
uisce isteaċ ⁊ dtosaiċ go mo
ṁeaḋċan féin" adeir gadaí
an t Sliaḃ Ruaḋ. Nuair a bí
gadaí an t Sliaḃ Ruaḋ ṁeaḋċe
d'fuagair sé-ar an ngadaí
dubh é leigean amaċ agus
leig agus ċuaiḋ an gadaí

ḋuḃ isteaċ annsin ḋá ṁeaḋċan,
agus sé an ċaoi ar fáisg Gaḋaí
an tSliaḃ Ruaḋ air nú gur
ṫaċt sé é. D'imtiġ le Gaḋaí
an tSliaḃ Ruaḋ annsin go
nDeaċaiḋ sé go Londain.
Ḃí sé ar lóistín i dteaċ ⁊
Londain agus ḃí mac ag
maor an baile móir agus níl aon
ċeaċ ins an mbaile mór naċ
gcuirfeaḋ sí a smut isteaċ ann
agus naċ gcuirfeaḋ sí grúg aisti.
"Ó naċ breaġ an mac í sin" adeir
Gaḋaí an tSliaḃ Ruaḋ le fear a
tiġe" "naċ truaġ naċ ḃfuil sí sa
tobán ann." "Ó céard tá tú ráḋ
adeir fear a tiġe sin í mac ṁaor
an baile móir agus dá nDéanfá
aon blas uirċi sin sé caoi mbeiḋ-
feá croċta sul dá ḃfeicfeá ḋá

lá." Láir na ḃáireaċ ṫáiniġ an
muic aríst agus dubairt sé nać
X raiḃ aon ḟeall faoi'n doiṁan naċ
mbeaḋ sí sa toban. San oíḋċe
labair bean a tiġe leis an bfear.
"ba ċeart ḋuit cead a ċlun a
ṫabairt dó" adeir sí "agus
deanfaḋ sé a roġa ruḋ líċi!"
"Deanfaḋ sin" adeir a fear. An
ṫrioṁaḋ lá uair a ṫáiniġ an
muic caiṫeann sé cupla faṫa
ar an urlár agus isteaċ leis
an muic agus sáṫann sé í agus
cuireann sé sa toban dó féin
í. Nuair d'airiġ an maor an
muic imiġiġṫe ċuaḋ sé go dtí
an sean fear glic agus dubairt
sé go mbainfeaḋ sé a ċeann
agus a coiméad beaṫa ḋe mara
ninnsiġeaḋ sé dó cén taob

a ndeaċaiḋ an uinic." Éireannaċ
a rinne é" adeir an sean
ḟear glic" agus deanfaiḋ sé
tuille ort". Aċ ċuir saiġdiúr 'sa
ċuile ṫeaċ ins an mbaile mór
agus mara a bfuiġa siad sin
amaċ cé bfuil sí ḋá iċe
níl fios agam-sa céard a
deanfas tú" adeir sé. Ċuir
sé saiġdiúr sa ċuile ṫeaċ sa
mbaile mór agus bí dliġe sa
mbaile cébrí ruḋ a ċroċfaḋ an
ċéud ṫeaċ a ḋeiriġeóċaiḋ san
mbaile mór ar ġiall an
ḋoruis go ġlaiċfeaḋ ċuile ṫeaċ
'sa mbaile mór é sin a ḃeiṫ
croċta aige. Marḃuiġ gadaí an
tSliab Ruaḋ an saiġdiúr a ḃí
aige féin agus bí sé croċta
amuiġ ar ġiall an ḋoruis ar

maidin aige agus b'éigin do ċuile
fear an saiġdiúr a ḃí aige féin
a ṁarḃuġaḋ agus é ċroċaḋ
amuiċ. Ċuaiḋ an maor ag an
Sean ġlic arís. "Éireannaċ
a rinne é" adeir an Sean
fear glic" agus déanfaiḋ sé
tuille ort. Ṅé ní'l aon blas
aim-sa le déanaṁ duit aċ
cuir sgéula amaċ go ḃfuil seomra
airgid ma léiġiḋe sé de áit aiḋ
agus cuir bairrille teara faoin
ḃfuinneoġ agus cébrí cé ~~goid~~
ṁarḃuiġ an ṁuic tiocfaiḋ sé
a goid an airgid agus tuitfiḋ
sé sa mbairrille agus beiḋ
comarta air." Níor le sudai
an t-Sliaḃ Ruaḋ a ḋfailiġ é
nuair a ċuala sé cainnt ar
an airgeaḋ ċuaiḋ sé a goid

Cuid ḋe, agus nuair a ṡil sé-
ḋul isteaċ síos leis ins an
mbairrille teara agus nuair a
ṫáinig sé amaċ ḋeain an duine
dar casaḋ air nar ċuimil sé-
é féin de mar bí an oiḋċe
ann agus rinne sé ċuile ḋuine
mar é féin agus ní raiḃ fios
cé ċuaiḋ goiḋ an airgiḋ.
bíodar ċoṁ dona is bíodar ariaṁ.
Ċuaiḋ an maor go ḋtí an
sean fear glic aríst. "Éireannaċ
a rinne é" adeir an sean
ḟear glic agus déanfaiḋ sé-
tuille ort. Níl ḟios aim sa
céurd a ḋeanfas tú aċ cuir
fear amaċ a ḟuagairt go mbeiḋ
tinge an ma léitide seo ḋe
áit anoċt agus stiúrailte céibrí
Céin fear a ṁarbuiġ an uimc

Tiocfaiḋ sé go dtí tingean ⁊
bíoḋ péint aici agus cuimliġeaḋ
sí an péint de agus beiḋ sé i
ngreim." Cuir sé fear amaċ
ṫríd an mbaile mór a fuagairt
go mbeaḋ inġean ina léitioċ seo
ḋe áit agus níorḃ ~~teif~~ le
gadaí an tSliaḃ Ruaḋ
bfailiġ é – bí sé ar an
ġléuḋ fear. Cuir sí péint air
agus nuair a ċuaiḋ sé amaċ
ní'l aon duine dar casaḋ dó
nar ṫosuiġ sé a cur a péint
air agus ní raiḃ aon ṁaiṫ
dóiḃ ann ní raiḃ ḟios cé
tóiġfí. Faoi ċeann trí ráiṫe
bí mac óg ag inġean maor an
baile mór. Cuaiḋ an maor go dtí
an sean ḟear glic arís agus
dubairt sé leis go mbain ḟéaḋ

se- a ċeann agus a coiméad
beaṫa de mara n-innisiġeaḋ dó
cé-hé- aṫair an ṗáisde. "Cuir
buille-crumniġṫe ar a bfuil sa
mbaile mór anoċt" adeir an
sean-ḟear "agus cé'bé cé é
aṫair an ṗáisde tiocfaiḋ an
páisde ċoṁ fada leis." Cuireaḋ
agus ṫáinig Gadaí an tSliab Ruaḋ
ann é féin agus ṫug se éinín
beag 'na láiṁ leis. Níor
ċomnaiġ an páisde go dtáinig
se- ċoṁ fada leis. Rugas air
agus dubras go bé- ~~ga~~ marbuiġ
an inne agus a ġoid an tairgead
agus go bé- aṫair an ṗáisde é.
" Cuirfiḋ me- ġeall" adeir Gadaí
an tSliab Ruaḋ fé'brí fear a
béarfas ar an éinín seo go
dtiocfaiḋ an páisde ċoṁ fada

leis ċoṁ maiṫ liomsa." Tugaḋ do duine eile an téan agus ṫáinig an páisde ċoṁ fada leis. Tugaḋ do duine agus do duine eile é agus ṫáinig an páisde go dtí iad agus ḋeanaṁ blas a ḃfeidir a ḋeanaṁ ar gadaí an tSliaḃ Ruaḋ. Ṫug maor an baile ṁóir a ċúrsa leis agus dubairt sé cébrí cé leis an páisde go gcaiṫfeaḋ sé a inġean a ṗósaḋ naċ raiḃ sé a dul a ḋeanaṁ aon ḃlas air. Dubairt gadaí an tSliaḃ Ruaḋ go be féin a ċair agus ṗós sé féin agus inġean maor an baile ṁóir. Bíodar lá amháin amaċ a spaisdeóireaċt.

"Cuala mé ariaṁ" adeir sé "go dtaċtfaḋ síbín luaċair duine agus níl ḟios agam ar

fíor é." Ċuaiḋ sé agus bain
sé an sibín luaċair agus ċuir
sé faoi na ~~[illegible]~~ inmeál é
agus ṫaċt sé é.

8/5/83

Rí in Éirinn a raib
mac ⁊ fiċe aige

Ṫáiniġ rí eile cun fadó leis 'náit a dtáiniġ dá ċroc faṫaċ 'ġá ḋíbirt as an áit feiċeann a leiġfeaḋ sé an mac is fiċe leis go dtroidfidís iad. Dubairt sé go leiġfeaḋ. Ċuadar an aonfaiċt leis agus níor ṁair an dá ċroc faṫaċ aċar a ḃít ḋóib nó go raibeadar marb aca. Bí sé an-doiminn san oíḋċe nuair a ṫáiniġeadar abaile agus iad an trom tuirseaċ. Níor éiriġ aon ḟear aca go ceann trí oíḋċe agus trí lá. Buil mara dteiġ sib ṫar mo ċomairle-sa adeir an ta-ṫair ní ġabfaid sib ina léiṫéid sin ḋe áit ċúng beas imṫebeó arís. Faoi ċeann bliana arís

ṫáinig an rí céadna agus d'iarr
sé arísṫ ar a rí iad. Dubairt
a rí nach dtiubhrfaḋ ach teiriġ go
dtí an mac is sine adeir sé
go bhfeicfiḋ tú céard déarfas sé.
"Bal dubairt m'aṫair adeir a
mac is sine naċ leigfeaḋ sé ina
léiṫiol ḋe áit muid ċúns beaḋ
sé féin beó arísṫ." Aċ teiriġ go
dtí an mac is óige adeir an mac
is sine mar sé an fear is fearr
agus is misneaċúla ann é.
Ċuaiḋ sé go dtí an mac is óige
agus ġeall an mac is óige ḋó go
ngabfaḋ, agus d'imṫiġ leóṫab go
ndeaċadar go dtí an áit a raiḃ
an dá ċroc faṫaċ. Bí sé an-
deirneaċ sa lá nuair abí na
faṫaiġ marḃ aca agus bí sé
'ar ċéis a dó ḋéag san oíḋċe

nuair a ṫáinigeadar abaile. Sé
caoi raibeadar a coḋlaḋ i dteaċ
ḋóib féin. Ḃí adeir a ṁac is óige
adeir sé ó ċuaiḋ muide ṫar
ċomairle a n-aṫar ní ceart ḋúinn
coḋlaḋ inis i dteaċ anoċt, níl fios
againn céard a ḋéanfas sé. Aċ
gabfaiḋ muid sa gcoca féir go
maidin go bfeicfiḋ muid linn. Ní
raibeadar i bfad sa gcoca féir
nuair a ċonaiceadar a ṫaṫair 7
teine i mbuicéad aige a teaċt
go dtí an teaċ a mbíodh a
coḋlaḋ ann, agus las sé an
teaċ. Tá an méid sin déanta
adeir an mac is óige agus is fearr
ḋúinn imṫeaċt anois i ndiaiḋ a
gcinn romainn adeir sé. Ḋimṫiġ
leóṫab ansoin ar maidin agus
bíodar a siubal agus a siorr-

imṫeaċt go dtáinigeadar go
dtí áit a raib ceiṫre cros-
bóiṫrí. Bíod a méid ann a beas
beó faoi ceann bliaḋna ó indiu
adeir a mac is óige teagamuid
ina céile anseo arís adeir sé.
D'imṫig cuile duine acab ina
bealaċ féin agus d'imṫig an
mac is óige i mbóṫar dó féin
naċ raib duine a' bíṫ acab an
aonfáċt leis aċ é féin. Bí sé
'g imṫeaċt leis gur casaḋ ~~—~~ rí
leis a bí a' deanaṁ cúirt agus
d'iarr sé obair air, agus fuair sé í.
Connaic a' rí go raib sé ina fear
ṫar cionn agus taiṫnig sé an-
mór leis. Dubairt sé leis dá
gceóluigeaḋ sé trí oiḋċe i gcúirt
abí aige go dtiubrfaḋ sé a inġean
le pósaḋ dó — cúirt abí bánuiġṫe

dubairt seisean go ngabfaḋ. Nuair a
ṫáinig an oiḋċe ċuaiḋ sé sa gcúirt.
Nuair a bí píosa maiṫ den oiḋċe
caiṫte ċualaiḋ sé torrann nár
ċuala sé a leiṫéid ariam agus níor
ċuala sé aon blas aríst go maidin
aċ an torrann. Nuair a ṫáinig sé
go dtí an rí ar maidin is maiṫ
an fear ṫú adeir a rí. D'oibrig sé
a lá agus d'fiafruig an rí ḋe aríst
a gcoḋlóċaḋ sé oiḋċe eile ann agus
dubairt sé go gcoḋlóċaḋ. Ċuaiḋ
sé ann an dara oiḋċe, agus
rinneaḋ torrann ann ḋá uair
níos mó. Níor ċuir sé pioc suim
ann. Nuair a ṫáinig sé ar maidin
go dtí an áit a raiḃ an ċúirt ḋá
deanaṁ ṫáinig an rí ċomh fada
leis. "Is ṫú an fear is fearr a
ċonnaic mé ariam adeir a rí.

D'oibriġ sé an lá sin a ḋeanaiṁ na
cúirte. Ṫáiniġ an rí ċoiṁ fada
leis tráṫnóna agus d'fiafruiġ sé
ḋe a gcodlóċaḋ sé an tríoṁaḋ
oiḋċe sa gcúirt agus dubairt sé
go gcodlóċaḋ. Ċuaiḋ sé ann an
tríoṁaḋ oiḋċe agus amaċ i ndoirle
na hoiḋċe féḃrí toraiṁ abí ann
an dá oiḋċe eile rinneaḋ a séaċt
n-oireaḋ an tríoṁaḋ oiḋċe agus
ṡíl sé go raiḃ an ċúirt agus a
raiḃ ann ina niullaċ. Ḋíriġ sé
aniar agus dubairt sé féḃrí rud
abí a ḋeanaiṁ an toraiṁ a
ṫiġeaċt ina lāṫair. Sgearr go
bfaca sé contra dá cur isteaċ
tríd a bfuinneóg agus rug sé uirṫi
agus ṫarraing sé isteaċ tríd o
bfuinneóg í. Beiḋ fios aim céard
tá inte seo adeir sé igá briseaḋ

agus a bainnt dí an chláir. Séard
a bhí sa gcontra páiste óg. Ní
raibh fios aige ar beo nó marbh a bhí
an páiste. Rug sé air agus chur sé a
bhéal le na chluais féachaint a
n-aireóchaidh sé a tairringt anála
é. B'facas dó go raibh, ach tiubhfaidh
mé isteach i dtreas an éadaigh faoi
m'ascail tú adeir sé leis a bpáiste
agus bhéidir go dtiocfá thríd.
Sgearr a bhí sé ins i leabaidh faoi
n-ascail nuair a thosuigh sé a
corruighe, agus thosuigh sé a méadú
agus ~~ní raibh~~ níor bh-fada go raibh sé
chomh mór leis féin. Sul dá
méaduigh tú níos mó adeir Mac
Rí nÉirinn caithfidh mé fios fhágail
cé thú féin, ag éirigh as a leabaidh.
Rug sé air agus tharraing sé
amach as a leabaidh é. Triobloid

mór a fuair sé 'ġá leaġan faoi
ar an urlár. Leaġ sé glúin ar a
bolg. Bod 's tusa an fear is fearr
a ċonnaic mise ariaṁ adeir a
páisde, adeir sé; agus 's iomḋa
fear curṫa ḋen tsaoġal ins i
teaċ seo; nuair a ḋeanainn-se
an torrann ċuirfeaḋ an tanam
astab. Séard abí ionam-sa
síoruiḋeaṁ agus ṫóig na beiṫiḋeaċ
éaġóraċ ar baintreaċ boċt abí
san áit agus níl i ndán dom a
ḋul go na flaiṫis go deó nó go
níoċtar é. 'Ġá níoċfainn se é
adeir mac a rí a mbeaḋ sé
ceart. Duine a biṫ a ḋíoċfaḋ
é adeir a síoruiḋeam beaḋ
sé ceart. Ċuaiḋ mac rí nÉirinn
agus a síoruiḋeam go dtí teaċ
na baintriġ, agus ċuir a síoruiḋeam

cúl a ċos leis a teine aċ ní faca
an baintreaċ é. D'fiafruiġ Mac Rí
nÉirinn den baintreaċ ar ṫóiġ a
leitiol seo de ḟear aon ḃeitiḋeaċ
éagórac mirṫi. Ṫóiġ adeir a'
ḃaintreaċ agus nár maiṫfiḋ Dia
na Muire ḋó é. bod íocfuiḋ mise
anois é adeir Mac Rí nÉirinn
má tá tú sásta. Ó tá go maiṫ
adeir an baintreaċ duine a'
bíṫ a d'íocfaḋ é béaḋ sé ceart.
Ċuadar amaċ ansoin agus ṡeas
an sioruiḋeam ar a ġualainn deas
agus ċuaiḋ sé suas do na flaiṫis.
Ṫáiniġ Mac Rí nÉirinn go dtí teaċ
a rí a raiḃ an cúirt dá deanaṁ
ann. Is tú an fear is fearr a
ċonnaic me ariaṁ adeir a rí ⁊
tá mingean le fágail le pósaḋ
a.d. Ċaiṫeadar seaċtṁain a ċaiṫeaṁ

na bainse. Ċuaiḋ sé féin agus inġean
a Rí lá amaċ i gcarr a ḋéanaiṁ
aéir agus ċonnaic sé fear a tiġeaċt
aige sa sliaḃ. Sé'n obair a ḃí air
maide ḃí aige 'ġá ċaiṫeaṁ suas
insa spéir ar feaḋ amairc, agus
bíoḋ sé i ngreimim i gcloigeann
eile de sul dá dtiġfeaḋ sé 'na
talmana. Adeir mac a Rí - fear
maiṫ aḃí ~~mo~~ ionat-sa lá eicint.
Seas sé - an carr nó go dtáinig
an fear ċoṁ fada leis. A miste
ḋom fiafruiġ adeir mac Rí Éireann
cé ṫú féin nó cé an fáṫ ṫú
beiṫ mar sin. Ḃeil ní misde adeir
a ~~sean~~ fear, sean fear aḃí ann,
ḃí mac agus fiċe agam sa agus
ċuadar ṫar mo ċomairle leis me - an
teaċ as a gcionn agus cailleaḋ a
máṫair le briseaḋ croiḋe agus d'imiġ